# Radharc ar Ré Raifteirí

Breithlá Raifteirí a bhí ann 30 Márta 2008. Dá mbeadh sé beo anois, bheadh sé 229 bliain d'aois inniu. Fiú, má tá a chorp leagtha sínte san uaigh, is cinnte go bhfuil a spiorad breá bríomhar sa tír go fóill.

Bhí comóradh iontach leagtha amach in ómós Raifteirí le linn 'Féile Raifteirí' i mBaile Locha Riach thar dheireadh na seachtaine le linn a bhreithlá. Rinneadh ceiliúradh den scoth ar na tréithe éagsúla a bhí ag an fhile ildánach agus aird ar leith tugtha dá bhuanna ealaíonta; i. Bua na filíochta is na scribhneoireachta, bua na hamhránaíochta idir traidisiúnta is ar an sean-nós, bua na fidléireachta is an ceoil go ginearálta.

D'oscail an fhéile go hoifigiúil le Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe. Is cosúil go raibh díoma air nach mbeadh sé ábalta fanacht le haghaidh na n-imeachtaí ar fad: i. ceardlanna ag díriú ar an fhilíocht, ar an fhidléireacht, ar scríobh scripteanna scannáin, ar agallamh beirte is lúibíní, ar an amhránaíocht traidisiúnta is ar an tsean-nós agus ar chumadh na n-amhrán fosta. Bhí ciorcail amhránaíochta, seisiúin ceoil is filíochta, léacht ar shaol is ar shaothar Raifteirí agus clabhsúr leis an fheile le ceolchoirm mhór. Mhol sé liosta na n-urraithe a bhí ag tacú leis an fhéile rud a chuireann i gcumas an choiste eagraithe clár thar a bheith leathan a chur ar fáil: i. An Comhairle Ealaíon, Foras na Gaeilge, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin, Baffle, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Conradh na Gaeilge is Gaeilge Locha Riach.

Caithfidh a rá go raibh suas le seacht gcéad duine ag freastal ar imeachtaí éagsúla na féile agus an t-ádh ag muintir Locha Riach talann na hÉireann a mhealladh chucu. Bhí ceardlanna amhránaíochta iontach ag Seán Mac Aindreasa agus Meaitie Jó Shéamuis Ó Fatharta. Dhírigh Rónán Ó Snodaigh ar chumadh na n-amhrán i nGaeilge agus spéis ar leith ann go cinnte. Tugadh spreagadh d'ábhair scríbhneoirí le linn na ceardlanna ag na scríobhaithe aitheanta Louis De Paor agus Ré Ó Laighléis. Rud

úrnua do mhuintir na háite blaiseadh a fháil ar luibíní is ar agallamh beirte leis na máistrí, Éamonn Ó Donnchadha is Fearghas Mac Lochlainn, agus ceardlann eagraithe do dhaoine óga. Gan amhras, bhí rogha bhreá ag fidléirí an cheantair agus ceardlanna faoi stiúir Breda Keville, Paul Bradley agus Paul O Shaughnessy.

Mar aon leis na himeachtaí lae seo, léamh aifreann i nGaeilge in Otharlann Naomh Breandáin agus aird tugtha do dhánta spioradálta an fhile.

Bhí imeachtaí oíche d'ardchaighdeán curtha ar fáil le linn na féile chomh maith agus ciorcal amhránaíochta is filíochta eagraithe ar an Aoine i gcomhar le Baffle agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann. Bhí éagsúlacht bhreá idir dánta nua-cumtha agus aithris ar fhilíocht Raifteirí, amhránaíocht agus ceol na hoíche.

Thosaigh tráthnóna an tSathairn le léargas iontach tugtha ar shaol is ar shaothar Raifteirí ag an saineolaí, Ciarán Ó Coigligh. Chothaigh a léacht is a treoir ábhair machnaimh is cainte dóibh siúd bailithe. Léirigh Cleamairí Locha Riach seó speisialta ar Raifteirí sa chomharsanacht agus lean seisiún ceoil faoi stiúir Colm agus Finbarr Naughton go na huaireanta beaga.

Caithfidh a admháil go raibh go leor aoínna speisialta ar an chlár. Mar clabhsúr na féile, bhí ceolchoirm mhór in ómós Raifteirí eagraithe dá bhreithlá Domhnach 30 Márta agus lucht stiúrtha na ceardlanna mar aon le réimse eile ag glacadh páirte, ina measc: Joe Burke is Ann Conroy Burke, Charlie Lennon, Claire Keville, Terence O'Reilly, Tim Collins is Claire Griffin, Verena Commins, Seosamh Ó Neachtain, Mairéad Ní Fhlatharta agus Síle Ní Fhatharta.

Bhí idir cheol, amhránaíocht, filíocht, agallamh beirte ar Raifteirí is damhsa ar an sean-nós mar ábhar ceiliúrtha.
Ag labhairt ar an oíche, mhol Joe Burke an ceiliúradh cultúrtha, gur maith go bhfuil a leithéid de 'Féile Raifteirí' againn, gurbh ionann ár gceiliúradh ar thréithe Raifteirí agus comóradh ar ár mbuanna cultúrtha ar fad. Ghuigh sé gach rath ar an fhéile agus é ag súil go mór breithlá Raifteirí a cheiliúradh arís is arís eile.

# Loughrea for Raifteirí

It was Antaine Raifteirí's birthday on 30th March last. If he was alive today he would now be 229 years of age. Although his body may lie in Killeeneen graveyard, his spirit is still alive and well in the country yet.

Féile Raifteirí commemorated the various characteristics of the man in Loughrea over his birthday with emphasis placed on celebrating his wide range of talents; gifts of poetry, writing, song writing, traditional and sean-nós singing as well as fiddle music and traditional music in general.

Seosamh Mac Donncha, C.E.O. of Co. Galway V.E.C., officially opened the festival. Looking through the variety provided on the programme, he was disappointed not to be able to attend many of the wide range of events taking place over the weekend; various workshops, singing, poetry and music sessions as well as a lecture and grand concert in Raifteirí's honour. He praised the list of sponsors and support that helped provide such a line-up of fine talent; The Arts Council, Foras na Gaeilge, RTÉ Raidió na Gaeltachta, Co. Galway V.E.C., Galway County Council, Naomh Breandáin Credit Union, Baffle, Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Conradh na Gaeilge is Gaeilge Locha Riach.

Overall, about 700 people attended events over the weekend. These events included traditional and sean-nós singing workshops under the tuition of Seán Mac Aindreasa and Meaitie Jó Shéamuis Ó Fatharta. Rónán Ó Snodaigh provided an interesting workshop on song composition as Gaeilge. Louis De Paor and Ré Ó Laighléis provided writing workshops. The masters Éamonn Ó Donnchadha and Fearghas Mac Lochlainn introduced folk of Loughrea to Lúibíní and Agallamh Beirte. As well as the above, workshops on fiddle playing were provided by Breda Keville, Paul Bradley and Paul O Shaughnessy.

On the Sunday morning, mass was read 'as Gaeilge' in St. Brendan's home with particular reference to the spirituality of Raifteirí.

There was high quality entertainment provided each evening. Friday evening had a singing circle with poetry and music organized in conjunction with BAFFLE and Comhaltas Ceoltóirí Éireann. This blend of poetry readings of local and Raifteirí origin along with song and music seemed to set the scene for the weekend.

On Saturday evening, Ciarán Ó Coigligh provided a stimulating lecture on the life and work of Raifteirí, which was followed by a special show by Cleamairí Locha Riach with reference to Raifteirí in the district. It was late night that finished up with a great music session with a host of musicians with special guests Colm and Finbarr Naughton.

It must be said that the programme had a host of special guests and Loughrea was treated to a grand concert to celebrate Raifteirí's birthday Sunday 30$^{th}$ March. Not only did the directors of the workshops perform on the night but also so did many others: Joe and Ann Conroy Burke, Charlie Lennon, Claire Keville, Terence O'Reilly, Tim Collins is Claire Griffin, Verena Commins, Seosamh Ó Neachtain, Mairéad Ní Fhlatharta, Síle Ní Fhlatharta. Celebrations included music, song, poetry, agallamh beirte on Raifteirí and sean-nós dancing.

Speaking during the night, Joe Burke welcomed Féile Raifteirí in coming to Loughrea, congratulated the organizers in providing the opportunity to celebrate the characteristics of Raifteirí, which really commemorate all the best of Irish culture. He wished Féile Raifteirí would prosper and looked forward to celebrate Raifteirí's birthday again and again.

**Grianghraif:**




*Seán Mac Aindreasa, amhránaí, Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe mar aon le Verena Commins agus Nóirín Ní Ghrádaigh Rafferty ar an oíche oscailte do Fhéile Raifteirí.*




*Joe agus Ann Conroy Burke ag seinm ceoil ag Ceolchoirm Mhór i dtigh Kinsella's le linn Féile Raifteirí '08.*



*Éamonn Ó Donnchadha is Fearghas Mac Lochlainn i mbun agallamh beirte ag an Ceolchoirm Mhór le linn Féile Raifteirí '08.*



*Seosamh Ó Neachtain ag gabháil do rince ar an sean-nós ag Ceolchoirm Mhór na Féile in ómós do Raifteirí.*



*Louis De Paor ó Ollscoil na Gaillimhe, ag léamh a chuid filíochta féin ag Féile Raifteirí i mBaile Locha Riach.*



*Cuid de na daoine a d'fhreastail ar cheardlann scribhneoireachta faoi stiúir Ré Ó Laighléis mar chuid d'imeachtaí Féile Raifteirí i mBaile Locha Riach*